# Fógra Príobháideachais Láithreán Gréasáin

Tá meas ag an nGníomhaireacht Airgeadais Tithíochta (an GAT) ar do cheart chun príobháideachta agus comhlíonann sí a hoibleagáidí faoin Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (GDPR). Is é sprioc an Fhógra Príobháideachta láithreán gréasáin seo ná cabhrú leat tuiscint a fháil ar an gcaoi a ndéileálann an GAT le haon sonraí pearsanta a sholáthraíonn tú nuair a thugann tú cuairt ar a láithreán gréasáin nó nuair a idirghníomhaíonn tú ar shlí eile leis an GAT. Tugann sé achoimre freisin ar do chearta mar ábhar sonraí maidir le sonraí pearsanta a d'fhéadfadh a bheith ag an GAT ort trí d'idirghníomhaíocht linn as líne.

Trí chuairt a thabhairt ar an láithreán gréasáin www.hfa.ie, tá tú ag glacadh le téarmaí an fhógra príobháideachta láithreán gréasáin seo.

Tá naisc sheachtracha chuig láithreáin ghréasáin eile ar an láithreán gréasáin seo agus níl an GAT freagrach as polasaithe príobháideachta na suíomhanna gréasáin eile seo.

## 1. Faisnéis a d'fhéadfaimis a bhailiú uait

Ciallaíonn sonraí pearsanta, faisnéis phearsanta, aon fhaisnéis faoi dhuine ónar féidir an duine sin a aithint. Ní chuimsíonn siad sonraí i gcásanna inar baineadh an chéannacht (sonraí anaithnidithe) Féadfaimid aon chineál sonraí pearsanta a sholáthraíonn tú dúinn a bhailiú agus a phróiseáil le linn d'idirghníomhaíochtaí linn.

Mura soláthraíonn tú do shonraí pearsanta dúinn, b'fhéidir nach mbeimid in ann ár seirbhísí a sholáthar duit. Inseoimid duit nuair a iarraimid sonraí pearsanta atá ina riachtanas conarthach nó atá ag teastáil chun ár bhfeidhmeanna a chomhlíonadh nó chun ár n-oibleagáidí dlíthiúla a chomhlíonadh.

## 2. Cén fhaisnéis a bhailímid?

Is é ár bpríomhsprioc maidir le sonraí pearsanta a bhailiú ná an t-ábhar is fearr agus is úsáidí a sholáthar duit chun cabhrú le d'eispéireas ar líne a fheabhsú.

Bailíonn ár láithreán gréasáin faisnéis áirithe go huathoibríoch, lena n-áirítear do sheoladh IP, an cineál brabhsálaí atá in úsáid agat, agus sonraí neamhphearsanta áirithe eile faoi do ríomhaire nó do ghléas ar nós do chineál nó leagan córais oibriúcháin, agus réiteach taispeána. Is féidir leat fianáin a bhaint nó a dhiúltú trí úsáid a bhaint as socruithe do bhrabhsálaí nó do ghléis, ach i gcásanna áirithe d'fhéadfadh sé sin dul i bhfeidhm ar do chumas ár seirbhísí a úsáid.

D'fhéadfaimis, áfach, ríomhphost a sheoladh chugat ó am go chéile le faisnéis nó le ceisteanna faoi do chuntas clárúcháin nó do chuntas baill, mar shampla chun ceadanna a iarraidh nó chun tú a chur ar an eolas faoi athruithe.

## 3. Conas a úsáidimid sonraí pearsanta a bhailímid

Ní úsáidfimid do shonraí pearsanta ach amháin chun na gcríoch agus na mbunús dlí atá leagtha amach sa tábla thíos.

| Sonraí a Bailíodh | Cuspóirí/gníomhaíocht | Bunús dlí le próiseáil |
|---|---|---|
| Céadainm agus sloinne, seoladh ríomhphoist, pasfhocal. | Chun tú a chlárú mar úsáideoir nua láithreán gréasáin/Ball logáil isteach;<br><br>Chun d'eispéireas a bharrfheabhsú ar ár suíomh gréasáin, nó chun freastal ar ábhar ar leith a bhaineann leatsa. | Tá an phróiseáil riachtanach chun conradh a chomhlíonadh nó conradh a dhéanamh leat. |
| Céadainm agus sloinne, seoladh ríomhphoist. | Chun teagmháil a dhéanamh leat maidir leis na seirbhísí a chuireann muid ar fáil. | Tá an phróiseáil riachtanach chun conradh a chomhlíonadh. |
| | | |
| Céadainm agus sloinne, seoladh ríomhphoist, sonraí CV, uimhir theileafóin, cáilíochtaí gairmiúla, teistiméireachtaí, deimhniú go bhfuil tú 18 mbliana d'aois nó níos sine srl. | Iarratais fostaíochta a phróiseáil ó iarrthóirí ar fholúntais laistigh dár n-eagraíocht. | Faoi réir conradh fostaíochta a dhéanamh leat/sula ndéanann tú conradh fostaíochta.<br><br>Do Thoiliú |
| Céadainm agus sloinne, seoladh ríomhphoist. | Chun iarraidh ort Ceistneoir a chomhlánú. | Do Thoiliú |
| Seoladh Ríomhphoist | Chun foláirimh ríomhphoist agus nuachtlitreacha a roghnaigh tú a fháil a sheoladh chugat trí ríomhphost nó ar bhealaí eile; | Do Thoiliú |
| Seoladh IP, cineál brabhsálaí, srl. | Chun cabhrú le feidhmiú agus feidhmiúlacht chuí ár suímh. | Tá an phróiseáil riachtanach chun tacú lenár leasanna dlisteanacha maidir lenár n-eagraíocht a bhainistiú agus slándáil láithreán gréasáin a chothabháil. |

## 4. Cé leis a roinnimid do chuid faisnéise?

Ní déanfaimid do chuid faisnéise inaitheanta pearsanta a dhíol, a thrádáil, nó a aistriú ar shlí eile le páirtithe taobh amuigh. Féadfar faisnéis do chuairteoirí nach féidir a aithint go pearsanta a sholáthar do pháirtithe eile chun críocha tuairiscithe agus staidrimh. Mar shampla, d'fhéadfaimis líon iomlán na gcuairteanna ar ár láithreán gréasáin a nochtadh. I gcoinníollacha sonracha, ní fhéadfaidh an Ghníomhaireacht Airgeadais Tithíochta sonraí pearsanta a nochtadh ach amháin mar is gá chun ár seirbhísí a sholáthar, agus faoi na coinníollacha atá leagtha síos thíos:

**Soláthraithe Seirbhíse:** Cuideachtaí a roghnaíodh go cúramach a sholáthraíonn seirbhísí dúinn nó thar ár gceann (m.sh. tacaíocht TF, óstáil láithreán gréasáin), tá na soláthraithe seo tiomanta freisin do do chuid faisnéise a chosaint.

**Páirtithe Eile Nuair a éilítear iad de réir an Dlí:** Mar shampla, d'fhéadfadh sé a bheith riachtanach de réir dlí, próiseas dlí, nó ordú cúirte ó údaráis rialtais chun do chuid faisnéise a nochtadh. Féadfaidh siad freisin do chuid faisnéise a lorg uainn ar mhaithe le forfheidhmiú an dlí, slándáil náisiúnta, frith-sceimhlitheoireacht, nó saincheisteanna eile a bhaineann le slándáil phoiblí.

**Páirtithe Eile le Do Thoiliú nó ar Do Threoir:** Chomh maith leis na nochtuithe a ndéantar cur síos orthu san Fhógra Príobháideachais seo, féadfaimid faisnéis fút a roinnt le tríú páirtithe nuair a thoilíonn tú ar leithligh le comhroinnt den sórt sin nó nuair a iarrann tú comhroinnt den sórt sin.

D'fhéadfadh naisc a bheith ar ár láithreán gréasáin, ó am go ham, chuig láithreáin ghréasáin eile agus uathu. Má leanann tú nasc chuig aon cheann de na suíomhanna gréasáin sin, tabhair faoi deara go bhfuil a bpolasaithe príobháideachta féin ag na suíomhanna gréasáin sin agus ní ghlacaimid le haon fhreagracht ná dliteanas as na polasaithe sin. Seiceáil na polasaithe sin sula gcuireann tú aon sonraí pearsanta isteach chuig na suíomhanna gréasáin sin.

## 5. Slándáil agus an áit a stórálaimid do shonraí pearsanta

Táimid tiomanta do shlándáil do shonraí pearsanta a chosaint. Bainimid úsáid as teicneolaíochtaí agus nósanna imeachta slándála éagsúla chun cabhrú le do shonraí pearsanta a chosaint ó rochtain agus úsáid neamhúdaraithe. Chomh héifeachtach agus atá cleachtais slándála nua-aimseartha, níl aon chóras slándála fisiciúil nó leictreonach go hiomlán slán. Ní féidir linn slándáil iomlán ár mbunachair sonraí a ráthú, ná ní féidir linn a ráthú nach ndéanfar faisnéis a sholáthraíonn tú a idircheapadh agus tú á tarchur chugainn ar an Idirlíon.

Tá treoirlínte inmheánacha dochta curtha i bhfeidhm againn chun a chinntiú go gcosnaítear do phríobháideacht ag gach leibhéal dár n-eagraíocht. Leanfaimid orainn ag athbhreithniú polasaithe agus ag cur gnéithe slándála breise i bhfeidhm de réir mar a bheidh teicneolaíochtaí nua ar fáil. Sa chás go bhfuil pasfhocal tugtha againn duit a chuireann ar do chumas rochtain a fháil ar chodanna áirithe dár láithreán gréasáin, tá tú freagrach as an bpasfhocal sin a choinneáil faoi rún. ***Iarraimid ort gan do phasfhocal a roinnt le duine ar bith.***

## 6. Do shonraí pearsanta a choinneáil

Ní stórálfaimid do chuid sonraí pearsanta ach chomh fada agus is gá chun na críche/na gcuspóirí dá bhfuarthas é. Áirítear ar na critéir a úsáidtear chun ár dtréimhsí coinneála a chinneadh

- (i) an fad ama atá caidreamh leanúnach againn agus/nó a chuireann muid ár seirbhísí ar fáil;
- (ii) an bhfuil ceanglas dlíthiúil ann a bhfuilimid faoina réir; agus

(iii) má tá an choinneáil inmholta i bhfianaise ár staide dlíthiúla (amhail maidir le reachtanna teorainneacha, dlíthíochta nó imscrúduithe rialála is infheidhme). Téigh i dteagmháil linn más mian leat tuilleadh faisnéise a fháil maidir lenár dtréimhsí coinneála (féach Déan Teagmháil Linn thíos).

## 7. Do chearta

Faoin an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí, tá na cearta seo a leanas agat, agus oibreoimid i gcónaí chun seasamh leis:

- An ceart a bheith curtha ar an eolas faoinár mbailiú agus faoin úsáid a bhainimid as do shonraí pearsanta. Ba chóir go n-inseodh an Fógra Príobháideachais seo gach rud a theastaíonn uait a bheith ar eolas agat, ach is féidir leat teagmháil a dhéanamh linn i gcónaí chun tuilleadh eolais a fháil nó chun aon cheisteanna a chur ag baint úsáide as na sonraí sa rannóg 'Déan Teagmháil Linn'.
- An ceart chun rochtain a fháil ar na sonraí pearsanta atá againn fút. Inseoidh 'Déan Teagmháil Linn' thíos duit conas é seo a dhéanamh.
- An ceart go gceartófaí do shonraí pearsanta má tá aon chuid de do shonraí pearsanta atá á gcoinneáil againn míchruinn nó neamhiomlán. Tá sé tábhachtach go gcoinnítear do shonraí pearsanta cruinn agus cothrom le dáta. Má athraíonn aon cheann de na sonraí pearsanta atá againn fút, coinnigh ar an eolas sinn, le do thoil, fad is atá na sonraí sin againn.
- An ceart go ndéanfaí dearmad ort, i.e. an ceart iarraidh orainn aon cheann de do shonraí pearsanta atá againn a scriosadh nó a dhiúscairt ar shlí eile. Téigh i dteagmháil linn ag baint úsáide as na sonraí sa rannóg 'Déan Teagmháil Linn' chun tuilleadh eolais a fháil.
- An ceart srian a chur (i.e. cosc a chur) ar phróiseáil do shonraí pearsanta.
- An ceart chun agóid a dhéanamh i gcoinne muid úsáid a bhaint as do shonraí pearsanta chun críche nó críocha ar leith.
- Ceart toiliú a tharraingt siar. Ciallaíonn sé seo, má táimid ag brath ar do thoiliú mar an bunús dlí chun do shonraí pearsanta a úsáid, go bhfuil cead agat an toiliú sin a tharraingt siar ag am ar bith.
- An ceart ar iniomparthacht sonraí. Ciallaíonn sé seo, má chuir tú sonraí pearsanta ar fáil dúinn go díreach, go bhfuilimid á n-úsáid le do thoiliú nó chun conradh a chomhlíonadh, agus go bpróiseáiltear sonraí trí mhodhanna uathoibrithe a úsáid, is féidir leat cóip de na sonraí pearsanta sin a iarraidh orainn chun iad a athúsáid le seirbhís nó gnó eile i go leor cásanna.
- Cearta a bhaineann le cinnteoireacht agus próifíliú uathoibrithe. Ní úsáidimid do shonraí pearsanta ar an mbealach seo.
- An ceart gearán a thaisceadh leis an Údarás Maoirseachta ábhartha, má tá aon chúis gearáin agat faoin úsáid a bhainimid as do shonraí pearsanta. Chuirfimis fáilte roimh an deis d'ábhair imní féin a réiteach, áfach, mar sin déan teagmháil linn ar dtús, ag baint úsáide as na sonraí sa rannóg 'Déan Teagmháil Linn' nó trí ríomhphost a sheoladh chuig dpo@hfa.ie .

## 8. Aistrithe idirnáisiúnta

D'fhéadfadh aistriú, stóráil agus próiseáil do shonraí pearsanta i dtíortha eile lasmuigh den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch a bheith i gceist leis an úsáid a bhaineann tú as ár suíomh gréasáin nó seirbhísí ó am go ham. Déanaimid bearta cuí, i gcomhréir leis an dlí is infheidhme, chun a chinntiú go bhfanann do shonraí pearsanta cosanta. Áirítear ar bhearta den sórt sin úsáid a bhaint as Clásail Chonarthacha Chaighdeánacha chun aistriú sonraí lasmuigh de LEE a chosaint.

## 9. Athruithe ar an bhFógra Príobháideachais seo

Má tá nuashonruithe ar shonraí an Fhógra Príobháideachais seo, postálfaimid na hathruithe sin agus nuashonróimid an dáta athbhreithnithe ag barr an doiciméid seo, ionas go mbeidh a fhios agat i gcónaí cén fhaisnéis a bhailímid ar líne, conas a úsáidimid í, agus cad iad na roghanna atá agat. Tugadh an Fógra seo cothrom le dáta an 1 Meitheamh 2024.

## 10. Déan Teagmháil Linn

Má tá aon cheist agat faoin bhFógra Príobháideachta seo nó más mian leat gearán a dhéanamh, ná bíodh drogall ort teagmháil a dhéanamh linn trínár seoladh ríomhphoist dpo@hfa.ie, nó scríobh chugainn ag:


An Ghníomhaireacht Airgeadais Tithíochta cpt

Faiche Stiabhna

Baile Átha Cliath 2

D02 WK60

Éire

Fón: (01) 872 5722

Ríomhphost: dpo@hfa.ie